# Plean Bainistíochta Bruscair 2019– 2022

**Arna ghlacadh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar an 6 Nollaig 2019**



**Déan do Chion Féin – Coinnigh Gaillimh Saor ó Bhruscar**

# Clár


| | |
|---|---|
| **1. Réamhrá** | **Leathanach.** |
| 1.1. Forléargas | 3 |
| 1.2. Buneolas maidir leis an bPlean Bainistíochta Bruscair | 3 |
| 1.3. Próiseas Comhairliúcháin | 4 |
| **2. Bruscar agus an Dlí** | |
| 2.1. Sainmhíniú ar Bhruscar | 5 |
| 2.2. Áiteanna Poiblí | 5 |
| 2.3. Réadmhaoin Phríobháideach | 6 |
| 2.4. Siocracha Móra Bruscair | 6 |
| 2.5. Imeachtaí Mórócáide | 6 |
| 2.6. Ionaid Díolacháin Bia Soghluaiste | 6 |
| 2.7. Salachar Madraí | 6 |
| 2.8. Póstaeir agus Comharthaí Sealadacha | 7 |
| 2.9. Fodhlíthe um Dhramhaíl | 7 |
| 2.10. An Plean Bainistíochta Dramhaíola 2015-2021 | 7 |
| 2.11. Forfheidhmiúchán/Fíneáil | 8 |
| **3. An Dul chun Cinn ó Eisíodh an Plean Bainistíochta Bruscair 2015-2018** | 8 |
| **4. Cuspóirí agus Bearta faoin bPlean Bainistíochta Bruscair 2019-2022** | 13 |
| **5. Aguisíní** | |
| 1. An Suirbhé Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar | 17 |
| 2. Táscairí Feidhmíochta | 21 |
| 3. Ionaid Athchúrsála Chomhairle Chontae na Gaillimhe | 22 |
| 4. Liosta de na Bancanna Athchúrsála i gContae na Gaillimhe | 26 |
| 5. Sonraí Teagmhála | 28 |

# 1. Réamhrá

## 1.1 Contae na Gaillimhe – Forléargas

Tá Contae na Gaillimhe ar an dara contae is mó in Éirinn agus tá réimsí éagsúla sa Chontae arb í an Ghaeilge an ghnáth-theanga iontu. Tá réimsí sceirdiúla le farraige ann agus oileáin scéimhe agus bíonn tarraingt mhór ag turasóirí ar an gcontae mar gheall orthu sin agus ar an oidhreacht thréan chultúir. Tá fad suas le 700 gciliméadar le cósta an Chontae agus tá níos mó ná 200 loch ann, Loch Coirib a bhfuil cáil mhór uirthi ar cheann acu. Tá ceithre cinn d'oileáin mhóra amach ó chósta an Chontae a bhfuil cónaí orthu.

Is léir ó Réamhthorthaí Dhaonáireamh na bliana 2016 go raibh ardú 2.2% ón Daonáireamh roimhe sin go dtí 179,048 ar dhaonra an Chontae (gan Cathair na Gaillimhe a thabhairt san áireamh).

## 1.2 Buneolas maidir leis an bPlean Bainistíochta Bruscair

Dréachtaíodh Plean Bainistíochta Bruscair nua chun teacht in áit an phlean reatha 2015-2018 do Chontae na Gaillimhe. Éilítear ar na hÚdaráis Áitiúla, faoi Ailt 10-13 san Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, Pleananna Bainistíochta Bruscair a aontú maidir lena limistéar feidhme féin. Leagtar síos go sainiúil sa reachtaíocht gnéithe sonracha íosta is gá a bheith ag baint le Plean Bainistíochta Bruscair lena n-éilítear eolas a thabhairt faoin mbeartaíocht d'fhonn **bruscar a chosc agus a rialú** agus cuspóirí agus spriocanna cuí a leagan síos maidir le tréimhse trí bliana an Phlean.

Sa Phlean Bainistíochta Bruscair 2019 – 2022, bunaítear ár gcuspóirí maidir le bruscar a chosc agus a bhainistiú, an reachtaíocht maidir le bruscar a fhorfheidhmiú i gContae na Gaillimhe agus na bealaí chun iad a bhaint amach. Aithnítear sa Phlean an gá le béim a leagan ar chur chuige ilghnéitheach ó thaobh cosc a chur ar bhruscar. Ní mór na hearnálacha ar fad a bheith páirteach san iarracht chun tabhairt faoi fhadhb an bhruscair: an pobal chomh maith leis an lucht tráchtála agus an tÚdarás Áitiúil. Cé gur mó i gcónaí an tuiscint atá ar a thábhachtaí atá sé Gaillimh a choinneáil saor ó bhruscar, tá gá go fóill le meon a athrú agus le malairt iompair ionas go gcothaítear tuiscint ar an mbruscar a bheith aimhleasta don phobal.

Ar cheann de na bearta is tábhachtaí chun an straitéis sin a thabhairt i gcrích, tá bearta rialála bruscair a chur i bhfeidhm. Tá an méid bruscair lena loitear na cosáin, na sráideanna, na páirceanna agus na tránna ar cheann de na ceisteanna móra a chuirtear roimh an tír i ndáil le cúrsaí comhshaoil; tá salachar madraí ina ábhar buartha faoi leith.

Ar leibhéal amháin, is féidir claochlú den sórt sin a thabhairt i gcrích trí chur leis an tuiscint ar chúrsaí bruscair, ar na cúiseanna a bhíonn leis agus ar na torthaí a bhíonn air. Ar leibhéal eile, beidh gá le bearta crua forfheidhmiúcháin trí fhíneáil. Is féidir príomhchuspóirí an Phlean Bainistíochta Bruscair a dheighilt ina gceithre bheart.

- **Comhpháirtíocht**
- **Feasacht**
- **Forfheidhmiúchán**
- **Oibríochtaí**

Féachtar, tríd an bPlean seo, le laghdú leanúnach ar leibhéal an truailliú ó bhruscar a thabhairt i gcrích ar fud an chontae. Déanfar monatóireacht ar an dul chun cinn ina leith sin tríd an gCóras Monatóireachta Náisiúnta ar an Truailliú ó Bhruscar a bheith á chur i bhfeidhm uair sa bhliain. (Tugtar sonraí ina leith sin in Aguisín 1.)

Ach na gníomhartha beartais straitéiseacha a chur i bhfeidhm go cúramach maidir le gach ceann dár gcuspóirí, féadfaimid ár bhfís uileghabhálach a bhaint amach ó thaobh Contae na Gaillimhe a choinneáil saor ó bhruscar.

Is den bhunriachtanas go bhfeicfí gur ceannródaí an Chomhairle féin san fheachtas maidir le Contae saor ó bhruscar agus chuige sin, ní foláir a dheimhniú trí ghnáis oibre na foirne go ndéantar gach beart is gá chun aon scaipeadh bruscair de thoradh na hoibre sin a dhíothú.

## 1.3 Próiseas Comhairliúcháin

Tugadh faoin bpróiseas comhairliúcháin seo a leanas mar ullmhúchán don Phlean Bainistíochta Bruscair:

- Athbhreithniú ar Phleananna Bainistíochta Bruscair roimhe seo agus ar thionscnaimh;
- Dul i gcomhairle le Ceantair Bhardasacha;
- Iarraidh ar an bpobal aighneachtaí a chur isteach;
- An Dréacht-Phlean Bainistíochta Bruscair a leasú i ndiaidh aighneachtaí a fháil;
- Aontú an Phlean Bainistíochta Bruscair 2019-2022 ag comhaltaí tofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe;
- An Plean Bainistíochta Bruscair 2019-2022 a fhoilsiú.

Tugadh fógra poiblí faoin athbhreithniú agus faoin bPlean Bainistíochta Bruscair 2019 – 2022 a chur le chéile trí fhógraí sna meáin chumarsáide go háitiúil.

Tá cóip den Phlean Bainistíochta Bruscair 2019 – 2022 ar fáil ar láithreán gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe, www.gaillimh.ie

# 2. Bruscar agus an Dlí

## 2.1 Sainmhíniú ar Bhruscar

Tá réimse leathan go maith ag baint leis an sainmhíniú a thugtar ar bhruscar faoin reachtaíocht agus tagann faoina scáth píosaí beaga páipéir nó bun toitín a chaithfí go fánach agus aon ní mór nó beag atá mímhaiseach, nó ar dócha go dtiocfaidh go mbeidh sé mímhaiseach, agus baineann sé chomh maith céanna leis an réadmhaoin phoiblí agus le maoin phríobháideach.

Tugtar de shainmhíniú ar bhruscar faoi na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar 1997 go 2009, gurb ionann é agus:

"substaint nó earra, bíodh sé beartaithe bheith ina dhramhaíl nó a mhalairt (seachas dramhaíl laistigh den bhrí dá dtugtar san Acht um Bainistiú Dramhaíola atá coinsínithe i gceart le haghaidh diúscartha atá nó ar dócha go mbeidh sí mímhaiseach dochrach déistineach nó míshláintíoch, nuair a dhéantar í a fhágáil in áit seachas gabhdán n áit eile a sannadh go dlíthiúil lena fhágáil cibé acu léi féin nó le haon substaintí nó earra den sórt agus gan aird ar a méid nó a toirt nó ar an méid a dhiúscairtear",

Tugadh isteach pionóis ghéara in Éirinn faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997, arna leasú, d'fhonn cuidiú le cur níos éifeachtúla in aghaidh na bhfadhbanna a bhaineann leis an truailliú ó bhruscar. Leagtar amach freisin san Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997, arna leasú, a bhfuil de chúram ar gach duine agus a bhfuil dlite orthu i ndáil le bruscar agus caitheamh bruscair truailliú ó bhruscar.

## 2.2 Áiteanna Poiblí

Is cion bruscar a chaitheamh in áit phoiblí. Sa chás gur tú an t-úinéir ar áit a mbíonn cead isteach ag an bpobal ann nó an té ar a bhfuil cúram áit den chineál sin (e.g. fearann scoile, páirc phoiblí, stáisiún bus nó traenach nó limistéar ionad siopadóireachta), tá de dhualgas ort faoin dlí an áit a choinneáil saor ó bhruscar, gan bheann ar an tsiocair a bhí leis an mbruscar a theacht ann.

### 2.3 Réadmhaoin Phríobháideach

Tá dlite ar úinéir nó ar áitritheoir réadmhaoine (foirgneamh nó limistéar talún) a bhfuil amharc air as áit phoiblí an t-ionad a choinneáil saor ó bhruscar. Fágann sin gur gá limistéar ar bith amuigh faoin aer atá ag gabháil le réadmhaoin de do chuid agus a bhfuil léargas air ó áit phoiblí a choinneáil saor ó bhruscar. Sa chás go bhfuil bruscar cruinnithe ar láthair ar chúis ar bith agus feiceáil ar an mbruscar sin as áit phoiblí, is féidir leis an Údarás Áitiúil fógra a eisiúint leis an úinéir nó leis an áitritheoir á éileamh go dtugtar an bruscar chun bealaigh go pras.

### 2.4 Siocracha Móra Bruscair

Sa chás go bhfuil bruscar cruinnithe ar láthair ar chúis ar bith agus feiceáil ar an mbruscar sin as áit phoiblí, is féidir leis an Údarás Áitiúil fógra a eisiúint leis an úinéir nó leis an áitritheoir á éileamh go dtugtar an bruscar chun bealaigh go pras. Is féidir bearta den réamhchúram a leagan síos chomh maith i bhfógra den sórt sin ionas go seachnaítear a tharlú in athuair. Sa chás go loiceann úinéir nó áitritheoir gach ní a éilítear a dhéanamh, nó go ndiúltaítear aon ní a dhéanamh, tá de chumhacht ag an Údarás Áitiúil gach ní is gá a dhéanamh agus a éileamh go n-íocann an t-úinéir nó an t-áitritheoir gach costas dá ngabhann leis sin.

### 2.5 Imeachtaí Mórócáide

Tá de cheangal ar lucht tionscanta agus ar lucht eagraithe imeachtaí móra (e.g. ceolchoirmeacha, féilte, sorcais agus imeachtaí spóirt áitiúla) deimhniú go mbíonn bearta i bhfeidhm chun smacht a imirt ar chúrsaí bruscair san ionad féin agus sa chomharsanacht máguaird le linn an imeachta, roimh ré agus ina dhiaidh. D'fhéadfadh gurb é an tÚdarás Áitiúil a thabharfadh faoin obair sin ach ní mór don lucht tionscanta/eagraithe gach costas a bhaineann leis a ghlanadh.

### 2.6 Ionaid Díolacháin Bia Soghluaiste

Leagtar de dhualgas orthu siúd a mbíonn ionad soghluaiste díolacháin bia acu, óna ndíoltar mearbhia nó deoch nó ionaid díolacháin eile, mar shampla ionaid óna ndíoltar torthaí feirmeoireachta boscaí bruscair oiriúnacha a chur ar fáil i gcóngar na n-ionad díolacháin. Ní mór dóibh chomh maith aon bhruscar a eascraíonn ón mbeartaíocht sin i bhfoisceacht 100 méadar den ionad a ghlanadh.

### 2.7 Salachar Madraí

Ní mór d'úinéirí madraí salachar a gcuid peataí a thabhairt chun bealaigh as áiteanna poiblí agus diúscairt a dhéanamh air ar an mbealach cuí. Tá 33 dháileoir málaí salachar madra suiteáilte ag an gComhairle ar thránna agus ag limistéir thaitneamhachta ar fud an chontae chun úinéirí madraí a spreagadh a bheith freagrach ina leith. Is féidir breis eolais faoina leagtar de chúram ar úinéirí madraí a léamh sa cháipéis sin dár gcuid dar teideal *“**Treoir maidir le Dea-Úinéireacht Madraí**”*.




### 2.8 Póstaeir agus Comharthaí Sealadacha

Tá an líon méadaitheach comharthaíochta atá á cur in airde gan cheadúnas cuí nó gan chead ó ghnólachtaí, lucht eagraithe imeachtaí, etc. ar ár líonra bóithre ag baint ó thaitneamhacht ár gContae agus bíonn sí ina guais d'úsáideoirí bóithre, uaireanta. Tá cosc faoin dlí ar phóstaer nó comharthaí a chrochadh ar chuaillí nó ar struchtúr eile in áit phoiblí ach amháin sa chás go bhfaightear cead i scríbhinn ó úinéir an chuaille sula gcrochtar an póstaer/comhartha. Bainfidh ár maoir pobail comharthaí neamhdhleathacha anuas.

### 2.9 Fodhlíthe um Dhramhaíl

Éilítear faoi na Fodhlíthe um Bainistiú Dramhaíola 2019 ar an té a bhfuil dramhaíl teaghlaigh agus/nó dramhaíl tráchtála ina sheilbh an t-ábhar dramhaíola sin a dhiúscairt i gceart ach é a thabhairt do bhailitheoir dramhaíola údaraithe nó é a thabhairt chuig saoráid dramhaíola údaraithe. Leis na fodhlíthe sin, cabhrófar a chinntiú go ndéanfar dramhaíl in-athchúrsáilte agus iarmharach a scagadh i gceart agus a chur i láthair deighilte óna chéile.

### 2.10 An Plean Bainistíochta Dramhaíola 2015 – 2021

Is í an Fhís Straitéiseach a ghabhann leis an bPlean Bainistíochta Réigiúnach athshmaoineamh a dhéanamh ar an gcur chuige maidir le dramhaíl a bhainistiú trí fhéachaint ar shruthanna

dramhaíola mar a bheadh acmhainní fiúntacha ábhair iontu trínar féidir timpeallacht níos folláine agus deiseanna tráchtála inmharthana ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta a thabhairt i gcrích.

### 2.11 Forfheidhmiúchán/Fíneáil

Tá forfheidhmiú reachtaíocht an bhruscair lárnach maidir leis an mbainistíocht ar thruailliú ó bhruscar. Faoi láthair, tá triúr oifigeach forfheidhmiúcháin comhshaoil/timpeallachta, ceithre dhuine dhéag de mhaoir pobail agus maor bruscair amháin i mbun reachtaíocht na timpeallachta a chur i bhfeidhm i gContae na Gaillimhe.

Is cion bruscar a fhágáil ná a chaitheamh in áit phoiblí a bhféadfadh fíneáil €150 ar an láthair a bheith ag dul leis nó fíneáil suas le €4,000 má chiontaítear duine i gcion maidir le bruscar sa Chúirt Dúiche. Is féidir le maor bruscair/pobail arna cheapadh ag an Údarás Áitiúil nó le duine den Gharda Síochána fíneáil ar an láthair a eisiúint le duine.

Tá breis eolais faoi chúrsaí Bruscair agus an Dlí le fáil ar an láithreán gréasáin ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil: https;//www.dccae.gov.ie

## 3. An Dul chun Cinn ó Eisíodh an Plean Bainistíochta Bruscair 2015-2018

I mí na Samhna 2015 a aontaíodh an Plean Bainistíochta Bruscair a bhí ag Comhairle Chontae na Gaillimhe roimhe seo. Tá dul chun cinn mór déanta ón tráth sin maidir le laghdú agus rialú ar bhruscar ach is próiseas leanúnach atá i gceist ina dhiaidh sin féin.

- Gaillimh Níos Glaine, Níos Glaise - In 2017, thug Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi chur chuige comhoibríoch ar fheachtais dírithe ar fhrithbhruscair agus dhumpáil neamhdhleathach. Bhí eagraíochtaí spóirt, deonacha, gnó agus An Garda Síochána rannpháirteach iontu. Scaip ionadaithe de chuid breis is 100 duine de na lúthchleasaithe is fearr agus den lucht spóirt is cáiliúla i nGaillimh an teachtaireacht 'gan an liathróid a ligean trí na mogaill maidir le bruscar' ar mhuintir na Gaillimhe, mar chuid den fheachtas.
- Cuireadh comórtais, deontais agus gradaim chomhshaoil chun cinn, amhail an comórtas do mhana Frithbhruscair i Scoileanna mar chuid de Ghaillimh Níos Glaine, Níos Glaise

agus reáchtáladh Comórtas Póstaeir i Scoileanna i gcomhar le Seoladh an Fheachtais Frith-Shalachar Madra i mBaile Locha Riach in 2018.

- Baineadh úsáid as ardáin ilmheán chun úinéirí agus úinéirí/áitritheoirí gnólachtaí gach foirgneamh i mbaile Bhaile Locha Riach, áitribh ghnó san áireamh, a chur ar an eolas go bhfuil de chúram orthu faoin dlí an cosán os comhair a n-áitribh a choinneáil saor ó bhruscar de réir fhorálacha Alt 6 san Acht um Thruailliú ó Bhruscar.

- Tá 94%  na bhforas oideachais páirteach i gClár na Scoileanna Glasa faoi láthair sa Chontae.

- Baineadh úsáid níos mó as na meáin shóisialta chun cur leis an bhfeasacht faoi chaitheamh bruscair agus faoi chosc ar dhramhaíl, amhail an feachtas feasachta don Tionscnamh Frithbhruscair "*Níl sé inár nádúr – an bhfuil sé i do chuid féin?*"

- Feidhmíodh Córas Fuaime in aghaidh an bhruscair maidir le smacht ar mhadraí/salachar madra ag limistéir taitneamhachta i mBaile Locha Riach, Uachtar Ard, Port Omna agus An Spidéal.

- Rolladh amach dáileoirí Málaí Salachar Madra ar Thránna Brataí Goirme, i bPáirceanna agus ag limistéir taitneamhachta eile ar fud an chontae.

- Suiteáladh gléasanna fuaime frithbhruscair ag bancanna athchúrsála sa Chontae ar aithníodh iad mar láithreáin ina gcaitear bruscar. Leis an ngléas fuaime, iarrtar ar úsáideoirí gan bruscar a chaitheamh mar go bhféadfaí fíneáil €150 a ghearradh orthu ar an láthair.

- Leathnaíodh an feachtas in aghaidh Bhruscar Ghuma Coganta ar fud an Chontae i gcomhar leis an tascfhórsa Guma Coganta.

- Ábhar bolscaireachta a chur le chéile agus a scaipeadh d'fhonn cur leis an tuiscint ar chúrsaí bruscair.

- Tugtar faoi thionscnaimh feasachta frithbhruscair gach bliain agus fógraítear iad ar an raidió áitiúil, in asraonta na meán, sa phictiúrlann, i nuachtáin, ar ábhar bolscaireachta amhail málaí, cupáin, buidéil in-athúsáidte, etc., chun tacú le glantacháin agus feasacht i bpobail áitiúla.

- Tá ról rífhiúntach ag na Maoir Phobail/Maoir Bhruscair i gcónaí maidir le rialú ar bhruscar agus leanfaidh siad ag cur go mór le tuiscint na ndaoine ar an gceist agus leis an bhforfheidhmiúchán ina leith.

- Leanadh de bheith rannpháirteach leis na glantacháin a dhéanann Scéimeanna Fostaíochta Pobail nó Scéimeanna Sóisialta Tuaithe agus ag an tSeirbhís Phromhaidh, agus tacú leo.

- Deimhnítear leis an gcóras do ghearáin ó chustaiméirí sa Rannóg Timpeallachta go ndéantar gach gearán a thagann isteach a logáil, a rianú agus a fhiosrú, rud a fhágann feabhas ó thaobh cúrsaí forfheidhmiúcháin.

- Leanadh leis an láithreán gréasáin Deisigh do Shráid a úsáid chun gearáin maidir le bruscar a logáil.

- Cuireadh teicneolaíocht nua i bhfeidhm amhail forbairt leanúnach ar chóras TF ar aip mhóibíleach, Geopal, le húsáid ag maoir phobail chun tuairisciú uathoibríoch a dhéanamh maidir le Glantacháin Earraigh, gearáin faoin timpeallacht agus Cigireacht maidir le Freagracht an Chruthaitheora

- Tá 92 Bhanc Athchúrsála i bhfeidhm ar fud an chontae anois. (féach Aguisín4)

- Cuireadh Ceamaraí Slándála CCTV ag obair in ionaid bhreise ar fud an chontae, nuair ba phraiticiúil, agus tháinig laghdú dá thoradh sin ar an truailliú ó bhruscar ag bancanna athchúrsála agus ag áiteanna a aithníodh mar shiocracha móra bruscair.

- Tá feabhas ar na seirbhísí maidir le dramhaíl teaghlaigh a bhailiú atá á gcur ar fáil ag an earnáil phríobháideach agus seirbhís níos fearr á déanamh sna hionaid athchúrsála.

- Imeachtaí Mórócáide – eagraítear cruinnithe comhordúcháin idir Maoir Phobail, an Garda Síochána agus an lucht eagrúcháin roimh imeachtaí mórócáide.

- Tá lón eolais ar fáil ó na suirbhéanna faoi chúrsaí bruscair, a rinneadh don Chóras Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar (NLPMS), faoi na réimsí ar gá aird faoi leith a dhíriú orthu chomh maith le tuairisc níos cruinne ar na tosca is siocair le truailliú ó bhruscar. Fágann sin go gcuirtear na bearta atá le déanamh in ord tábhachta agus, dá réir sin, go ndéantar acmhainní a chur ina leith ar bhealach níos éifeachtúla. (féach Aguisín 1)

- Rinne laghdú ar líon na Láithreán Tréigthe maith maidir le líon na réimsí a bhfuil truailliú orthu ó bhruscar a laghdú.

- Cuireadh comharthaí nua ar fáil ag roinnt Reiligí ag áitiú ar lucht a n-úsáide déileáil mar is ceart le haon bhruscar a thagann i gceist.

- Cuireadh comharthaí nua ar fáil ag Bancanna Athchúrsála i ndáil le truailliú ó bhoscaí, málaí etc.

- Cuireadh comharthaí nua ar fáil ar thránna brataí goirme agus cósta glas i ndáil le salachar madraí.
- Tugadh isteach cláir #glantachántrá2nóiméad ar thránna brataí goirme
- Reáchtáil Galway Atlantaquaria ceardlanna tacaíochtaí do scoileanna agus do naíolanna maidir le bruscar mara agus conas aire a thabhairt don chomhshaol.
- Leanadh leis an idirchaidreamh leis an Rannóg Tithíochta maidir le pleananna Bainistíochta Eastáit chun iompar frithshóisialta a chosc. An Rannóg Timpeallachta a dhéanann bainistiú ar dhramhaíl agus cuir i láthair maidir le rialú madraí, mar chuid de chlár oiliúna réamh-thionóntachta na Rannóige Tithíochta.

**Bancanna Athchúrsála ag Trá Mhór, Indreabhán**



## Cláir #glantachántrá2nóiméad




*Seastán Feasachta Bruscair ag an imeacht Farm to Fork ar Champas Teagasc, Baile Átha an Rí 2018*



# 4. Cuspóirí agus Beartais Straitéiseacha an Phlean Bainistíochta Bruscair 2019-2022

## Cuspóir Uimh. 1: *COMHPHÁIRTÍOCHT*

**Oibriú le grúpaí pobail, coistí Bailte Slachtmhara, cumainn chónaitheoirí, gnólachtaí áitiúla, an earnáil dheonach, an earnáil oideachais, etc., chun tionscnaimh frithbhruscair agus cláir feasachta oideachais a spreagadh, a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn**

**Gníomhartha: Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe:**

- Rannpháirtíocht chumainn chónaitheoirí, grúpaí bainistíochta eastáit agus grúpaí deonacha eile i gcláir feasachta bruscair a spreagadh go gníomhach agus tacú leo ina leith.
- Leanúint leis an idirchaidreamh le grúpaí pobail maidir leis na deontais atá ar fáil chun tacú le tionscnaimh neamhbhrabúis, atá dírithe ar cur leis an bhfeasacht faoi chúrsaí comhshaoil agus tionscnaimh láidre frithbhruscair a chur chun cinn, e.g. Ciste Gníomhaíochta Comhshaoil Pobail.
- Leanúint de bheith ag obair le lucht gnó agus trádála chun tionscnaimh ghlasa agus cláir bhruscair áitiúla a fhorbairt.
- Leanúint de chur chun cinn a dhéanamh ar fheasacht faoi bhruscar agus é a chosc trí bhíthin tionscnaimh amhail Scoileanna Glasa agus Bailte Slachtmhara.
- Rannpháirtíocht Scéimeanna Fostaíochta Pobail/Scéimeanna Shóisialta Tuaithe agus na Seirbhísí Promhaidh i nglantacháin bhruscair a fheabhsaíonn an comhshaol a uasmhéadú.

## Cuspóir Uimh. 2: FEASACHT

**Leanúint de bhearta oideachais agus de chur leis an tuiscint faoin drochthoradh a bhíonn ag bruscar ar an timpeallacht.**

**Gníomhartha: Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe:**

- Bearta tairbheacha maidir leis an gcomhshaoil agus feasacht a chur chun cinn ar fud an Chontae trí bhíthin bheith ag obair le scoileanna, grúpaí pobail, grúpaí agus eagraíochtaí deonacha, gnólachtaí agus an pobal, chun iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh i dtionscnaimh fhrithbhruscair.

- Cláir leanúnacha oideachais agus faisnéise a chur chun cinn ag imeachtaí pobail.

- Úsáid a bhaint as na meáin shóisialta chun cur leis an bhfeasacht faoi na cúiseanna le bruscar agus faoi na hoibleagáidí ar an bpobal faoi na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar.

- Bheith rannpháirteach i bhfeachtais feasachta maidir le Tionscnaimh Fhrith-Dhumpála amhail "*It's Not In Our Nature – Is it in Yours?*"

## Cuspóir Uimh. 3: FORFHEIDHMIÚCHÁN

**Chur chuige comhleanúnach agus comhordaithe ar reachtaíocht maidir le truailliú ó bhruscar a fhorfheidhmiú**

**Gníomhartha: Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe:**

- Leanúint den Chóras Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar a chur i bhfeidhm trí shuirbhéanna a dhéanamh ar leibhéal agus ar chineál an ábhar truaillithe ó bhruscar, siocracha móra le bruscar a shonrú agus bearta feabhais a dhéanamh chun deireadh a chur leo.

- Leanfaidh na Maoir Phobail/Bhruscair den obair go feiceálach sna bailte móra agus sna sráidbhailte d'fhonn cosc a chur le bruscar agus d'fhonn cur leis an bhfeasacht faoi na himpleachtaí, ó thaobh fíneálacha agus gníomhartha forfheidhmiúcháin eile, a bhaineann le bruscar a chaitheamh.

- Na Fodhlíthe um Bhainistiú Dramhaíola 2019 a chur i bhfeidhm chun rialáil a dhéanamh ar shocruithe maidir le bailiú agus bainistiú dramhaíola sa chontae.

## Cuspóir Uimh. 4: OIBRÍOCHTAÍ

**Clár oibríochta éifeachtúil agus cuimsitheach maidir le rialú bruscair a chur i gcrích trí bhíthin ár gcúig Cheantar Bardasach**

**Gníomhartha: Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe:**

- Barrfheabhas a chur ar oibriú agus ar bhainistiú Líonra Ionad Fóntas Poiblí agus Banc Athchúrsála na Comhairle (Aguisín 3)
- Gach gearán maidir le bruscar a gheofar a logáil, a rianú agus a imscrúdú go hiomlán agus beart forfheidhmiúcháin cuí a dhéanamh ina leith sa chás go dtiocfar ar chionta.
- Féachaint chuige go gcoinneofar Contae na Gaillimhe, a chuid bailte agus sráidbhailte ag an gcaighdeán is airde, de réir mar a cheadóidh acmhainní/leis na hacmhainní a bheidh ar fáil.
- Aghaidh a thabhairt ar thorthaí agus ar mholtaí ón léig *Irish Business Against Litter (IBAL)*, ó Chomórtas na mBailte Slachtmhara agus ó na Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta bliantúla maidir le Cáinníochtúcháin agus le Bruscar. (Aguisín 2)
- Ár gcaidreamh leis na Bailte Slachtmhara agus le comhlachtaí pobail agus deonacha eile sa Chontae a chothabháil.

*Seoladh an Fheachtais in aghaidh Bhruscar Ghuma Coganta, Órán Mór 2018*




*Seoladh an Fheachtais Frith-Shalachar Madraí i mBaile Locha Riach, 2018*



# Aguisín 1 - An Suirbhé Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar

## An Córas Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar (NLPMS)

Is é cuspóir atá leis an NLPMS an Truailliú ó Bhruscar a mheas maidir lena oiread agus lena chineál. Is deis atá ann maidir le cinntí a dhéanamh trína mbíonn léargas ag an Údarás Áitiúil ar an truailliú ó bhruscar ina limistéar feidhme féin, rud a ligeann do chóiriú ar na bearta in aghaidh an bhruscair a oireann do na fadhbanna atá ann agus a fhágann gur féidir a éifeachtúla agus atá na bearta sin a mheas.


Faoin gCóras sin, déanann na maoir Phobail agus Bhruscair suirbhéanna maidir leis an truailliú ó bhruscar d'fhonn géire an cháis a mheas agus na cúiseanna leis an truailliú ó bhruscar ina limistéar feidhme a shonrú.

Teastaíonn dhá chineál suirbhé–

- Suirbhéanna ar Thruailliú ó Bhruscar chun méid agus géire an truaillithe a mheas;
- Suirbhéanna Cainníochtúcháin chun comhdhéanamh an truaillithe ó bhruscar (i.e. cineál agus bunús) in áit ar leith a shainaithint.

Leanfar leis na Suirbhéanna ar Thruailliú agus leis na Suirbhéanna Cainníochtúcháin maidir le Bruscar a dhéanamh gach bliain chun éifeachtúlacht na mbeart arna gcur i bhfeidhm chun dul i ngleic le truailliú ó bhruscar a mheas agus chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna nua de réir mar a thagann siad chun cinn.

Tugtar léargas i bhFíor 1.1 ar chomhdhéanamh an Ábhair Bruscair i limistéar feidhme Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2018.





**Fíor 1.1 Comhdhéanamh an Ábhair Bruscair i gContae na Gaillimhe in 2018**

Leagtar amach i bhFíor 1.2 torthaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar a cuireadh ar fáil maidir leis an Suirbhé (2018).

| Ord Suntais | Cineál | Áireamh |
|---|---|---|
| 1 | Bruscar ó Ábhar Pacáistí | 525 |
| 2 | Bruscar a bhaineann le Toitíní | 396 |
| 3 | Bruscar a bhaineann le Bia | 139 |
| 4 | Bruscar Páipéir | 63 |
| 5 | Bruscar a bhaineann le Milseáin | 60 |
| 6 | Bruscar Toirtiúil | 51 |
| 7 | Bruscar Dochrach | 31 |
| 8 | Bruscar Ilghnéitheach | 6 |
| 9 | Bruscar Plaisteach | 1 |

**Fíor 1.2 Cineálacha Bruscair curtha in Ord Suntais ag Comhairle Chontae na Gaillimhe**


**Tugtar comparáid i bhFíor 1.3 ar Chomhdhéanamh an Ábhair Bruscair i gContae na Gaillimhe idir 2017agus 2018**




| | Plastic Items (non-packaging) | Large Litter Items | Miscellaneous | Deleterious Litter | Paper Items | Food Related Litter | Sweet Related Litter | Packaging Items | Cigarette Related Litter |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Galway County Council 2018 | 0.1% | 4.0% | 0.5% | 2.4% | 5.0% | 10.9% | 4.7% | 41.3% | 31.1% |
| Galway County Council 2017 | 0.0% | 0.0% | 0.5% | 3.3% | 7.7% | 10.0% | 11.2% | 24.3% | 42.9% |

**Fíor 1.3 Comparáid ar Chomhdhéanamh an Ábhair Bruscair i gContae na Gaillimhe idir 2017 agus 2018**

**Fíor 1.4 Comparáid idir na Cúiseanna le Truailliú ó Bhruscar i gContae na Gaillimhe, 2017-2018**




**Fíor 1.4**

**Comparáid ar na Cúiseanna le Truailliú ó Bhruscar in Contae na Gaillimhe, 2017 – 2018**

# Aguisín 2 - Táscairí Feidhmíochta

**Tábla 2.1**

| **An Suirbhé Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar** | **2015** | **2018** |
|---|---|---|
| Céatadán na limistéar faoin Údarás Áitiúil nach bhfuil truaillithe (i.e. saor ó bhruscar) | 14% | 19.9% |
| Céatadán na limistéar faoin Údarás Áitiúil nach bhfuil ach beagán truailliú orthu ó bhruscar | 53% | 50% |
| Céatadán na limistéar faoin Údarás Áitiúil nach bhfuil ach truailliú measartha orthu ó bhruscar | 25% | 19.9% |
| Céatadán na limistéar faoin Údarás Áitiúil a bhfuil truailliú mór orthu ó bhruscar | 6% | 6.8% |
| Céatadán na limistéar faoin Údarás Áitiúil a bhfuil truailliú ollmhór orthu ó bhruscar | 2% | 3.4% |

**Tábla 2.2**

| **Táscairí Feidhmíochta Áitiúla Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le Cúrsaí Bruscair** | **2015** | **2018** | **Táscaire don Athbhreithniú Bliantúil** |
|---|---|---|---|
| Líon na limistéar glantacháin atá faoin tSeirbhís Phromhaidh i gContae na Gaillimhe | 2 | 2 | Líon na limistéar a n-oibrítear iontu |
| Líon na limistéar glantacháin sa Chontae atá faoi Scéimeanna Fostaíochta Pobail nó Scéimeanna Sóisialta Tuaithe | 6 | 6 | Líon na limistéar a n-oibrítear iontu |
| Líon na bhForas Oideachais sa Chlár Comhshaoil | 235 | 243 | Líon na bhForas rannpháirteacha |
| Líon na ngrúpaí deonacha a ghlacann páirt i bhFeachtas Náisiúnta Glantacháin an Earraigh | 80 | 37 | Líon na ngrúpaí |
| Líon na ngearán faoi bhruscar/dramhaíl a thagann isteach | 1428 | 1442 | Líon na ngearán a fuarthas |
| Líon na ngearán faoi bhruscar/dramhaíl a réitíodh | 1243 | 1375 | Líon na ngearán a réitíodh |

## Aguisín 3 – Ionaid Athchúrsála i gContae na Gaillimhe

Tá 3 Ionad Athchúrsála i gContae na Gaillimhe agus iad lonnaithe i dTuaim, i mBéal Átha na Sluaighe agus sa Chlochán. Barna Recycling Ltd. a fheidhmíonn iad thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

# BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

# IONAID ATHCHÚRSÁLA
CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

## Nithe a nglactar leo ag Ionad Athchúrsála Bhéal Átha na Sluaighe

- Aerasóil
- Leabhair & Eolaithe Teileafóin
- Cairtchlár
- CDanna & DVDanna
- Ola Innill
- Péint Ghuaiseach
- Pacáistiú Miotalach (Cannaí Péint)
- Páipéar Measctha
- Pacáistiú Measctha (Polaistiréin)
- Páipéir Nuachta & Irisí
- Péint Neamhghuaiseach
- Scagairí Ola
- Buidéil Phlaisteacha & Plaistigh Mheasctha
- Dramh-Mhiotal
- Tetra Paks
- Adhmad Cóireáilte
- Adhmad gan Cóireáil
- Tochtanna
- Gloine Chomhréidh
- Ola Cócaireachta
- Cógais Teaghlaigh
- Dramhail Ghlas
- Luibhicídí & Lotnaidicídí

*** Ní bhaintear táille amach de réir meáchain ná líon.**
*** Ní mór lipéad soiléir a chur le dramhail ghuaiseach agus í a bheith sa choimeádán bunaidh.**
*** Ní bhaineann an tseirbhís seo ach le hábhar tí.**

## Rudaí a nglactar leo Saor ó Tháille

- Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE)
- Ceallraí Teaghlaigh & Luaidhe-Aigéadacha
- Éadach, Bróga & Teicstílí
- Cannaí, Prócaí & Buidéil Ghloine
- Feadáin Fhluaraiseacha agus Lampaí
- Earraí Bána, Cuisneoirí & Reoiteoirí

## Táillí Caighdeánacha

- Carr €3.50
- Carr & Leantóir €5.00
- Veain €5.00

## Táillí Breise

- Cannaí Péinte
  €3.50 in aghaidh gach 5 channa péinte

Tochtanna €10.00 Singile
€15.00 Dúbailte

Dramhaíl Ghlas

- Leantóir Aon Acastóra €10
- Leantóir Dhá Acastóra €20

*** Ní ghlacfar le nithe nach bhfuil ar an liosta.**
*** Ná cuir péint agus ceimiceáin sa choimeádán céanna.**
*** Ní ghlacfar le cannaí atá lán le péint.**
*** Tá na sonraí cruinn amhail Samhain 2018 ach tá siad faoi réir athraithe.**

**AN POLL BUÍ | BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE | CO. NA GAILLIMHE**

## UAIREANTA OSCAILTE

**Dé Máirt 8:30a.m. - 4:30p.m.**
**Déardaoin 8:30a.m. - 4:30p.m.**
**Dé Sathairn 8:30a.m. - 4:30p.m.**

## TEIL 091 771619

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Barna Recycling

# AN CLOCHÁN

# IONAID ATHCHÚRSÁLA
CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

## Nithe a nglactar leo ag Ionad Athchúrsála an Chlocháin

- Aerasóil
- CDanna & DVDanna
- Ola Innill
- Péint Ghuaiseach
- Pacáistiú Miotalach (Cannaí Péint)
- Péint Neamhghuaiseach
- Scagairí Ola
- Dramh-Mhiotal
- Cógais Teaghlaigh
- Ola Cócaireachta
- Gloine Chomhréidh
- Luibhicídí & Lotnaidicídí

## Rudaí a nglactar leo Saor ó Tháille

- Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE)
- Ceallraí Teaghlaigh & Luaidhe-Aigéadacha
- Éadach, Bróga & Teicstílí
- Cannaí, Prócaí & Buidéil Ghloine
- Feadáin Fhluaraiseacha agus Lampaí
- Earraí Bána, Cuisneoirí & Reoiteoirí

## Táillí Caighdeánacha

- Carr €3.50
- Carr & Leantóir €5.00
- Veain €5.00

## Táillí Breise

- Cannaí Péinte
  €3.50 in aghaidh gach 5 channa péinte

*** Ní bhaintear táille amach de réir meáchain ná líon.**

*** Ní mór lipéad soiléir a chur le dramhaíl ghuaiseach agus í a bheith sa choimeádán bunaidh.**

*** Ní bhaineann an tseirbhís seo ach le hábhar tí.**

*** Ní ghlacfar le nithe nach bhfuil ar an liosta.**

*** Ná cuir péint agus ceimiceáin sa choimeádán céanna.**

*** Ní ghlacfar le cannaí atá lán le péint.**

*** Tá na sonraí cruinn amhail Samhain 2018 ach tá siad faoi réir athraithe.**

**BÓTHAR NA GAILLIMHE | AN CLOCHÁN | CO. NA GAILLIMHE**

**UAIREANTA OSCAILTE**

**Dé Luain - 8:30a.m. - 4:30p.m.**
**Dé Sathairn - 8:30a.m. - 4:30p.m.**

**TEL 091 771619**

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Barna Recycling

# TUAIM

# IONAID ATHCHÚRSÁLA

CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

## Nithe a nglactar leo ag Ionad Athchúrsála Thuama

- Aerasóil
- Leabhair & Eolaithe Teileafóin
- Cairtchlár
- CDanna & DVDanna
- Ola Innill
- Péint Ghuaiseach
- Pacáistiú Miotalach (Cannaí Péint)
- Páipéar Measctha
- Pacáistiú Measctha (Polaistiréin)
- Páipéir Nuachta & Irisí
- Péint Neamhghuaiseach
- Scagairí Ola
- Dramh-Mhiotal
- Buidéil Phlaisteacha & Plaistigh Mheasctha
- Tetra Paks
- Tochtanna
- Cógais Teaghlaigh
- Ola Cócaireachta
- Gloine Chomhréidh
- Luibhicídí & Lotnaidicídí

## Rudaí a nglactar leo Saor ó Tháille

- Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE)
- Ceallraí Teaghlaigh & Luaidhe-Aigéadacha
- Éadach, Bróga & Teicstílí
- Cannaí, Prócaí & Buidéil Ghloine
- Feadáin Fhluaraiseacha agus Lampaí
- Earraí Bána, Cuisneoirí & Reoiteoirí

## Táillí Caighdeánacha

- Carr €3.50
- Carr & Leantóir €5.00
- Veain €5.00

## Táillí Breise

- Cannaí Péinte
  €3.50 in aghaidh gach 5 channa péinte
- Tochtanna €10.00 Singile
  €15.00 Dúbailte

* Ní bhaintear táille amach de réir meáchain ná líon.

* Ní mór lipéad soiléir a chur le dramhail ghuaiseach agus í a bheith sa choimeádán bunaidh.

* Ní bhaineann an tseirbhís seo ach le hábhar tí.

* Ní ghlacfar le nithe nach bhfuil ar an liosta.

* Ná cuir péint agus ceimiceáin sa choimeádán céanna.

* Ní ghlacfar le cannaí atá lán le péint.

* Tá na sonraí cruinn amhail Samhain 2018 ach tá siad faoi réir athraithe.

**TUAIM | BÓTHAR BHAILE ÁTHA AN RÍ | CO. NA GAILLIMHE**

## UAIREANTA OSCAILTE

**Dé Luain - Déardaoin 8:30a.m. - 4:15p.m.**
**Dé hAoine - Dé Sathairn 8:30a.m. - 3:45p.m.**

## TEL 091 771619

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Barna Recycling

# Aguisín4 – Liosta de na Bancanna Athchúrsála i gContae na Gaillimhe

*Láithreáin faoi réir ag athrú

| Áit | Suíomh |
|---|---|
| An Mhainistir | Carrchlós an Ionaid Phobail |
| Mainistir Chnoc Muaidhe | Carrchlós O'Donohoe's |
| Áth Eascrach | Ionad Pobail |
| An Cheathrú Rua | Carrchlós Óstán an Dóilín |
| An Caiseal | Ionad Pobail an Chaisil |
| An Mám | An tIonad Pobail |
| An Spidéal | An tSeanchéibh |
| Ard Rathain | Siopa Crua-earraí Quinn’s |
| Baile Átha an Rí | An carrchlós le taobh Pháirc Kenny |
| Eachroim | Sráidbhaile Eachroma |
| Béal Átha na Sluaighe | Carrchlós Fhaiche an Aonaigh |
| Béal Átha na Sluaighe | Láithreán Athchúrsála an Phoill Bhuí |
| Béal Átha na Sluaighe | An Carrchlós poiblí gar do na hOifigí Ceantair Bhardasaigh |
| Béal Átha na Sluaighe | Carrchlós Tesco, an Poll Buí |
| Baile Uí Chonaíle | An tIonad Pobail |
| Béal Átha Ghártha | An Carrchlós ag an Scoil Náisiúnta |
| Baile Mhic an Bhaird | Carrchlós an tSéipéil |
| Béal Átha Mó | Sráidbhaile Bhéal Átha Mó |
| Cealtrach | Sráidbhaile na Cealtraí |
| Camus | Ar an R336 os comhair na páirce imeartha |
| Ceapach an tSeagail | An Carrchlós |
| Carna | Le taobh an tSéipéil |
| Gallach | Gallach |
| Cill Chiaráin | An Carrchlós ag Siopa Mhic Dhonnacha |
| An Cladach Dubh | Siopa Sweeney's |
| Droichead an Chláirín | Carrchlós an Clarinbridge Garden Centre |
| An Clochán | Ionad Athchúrsála, Bóthar na Gaillimhe |
| An Cloigeann | An Ché |
| An Fhairche | Bóthar Chnoc Breac |
| Cluain Fearta | Sráidbhaile Chluain Fearta |
| Corr na Móna | An tIonad Pobail |
| Cluain Bú, Cor an Dola | Carrchlós an Tí Ósta, Regan’s of Clonboo |
| Creachmhaoil | Garáiste Topaz |
| Na Creaga | Teach Ósta Gannon’s |
| An Chreig Mhór | Páirc Imeartha Rugbaí |
| Daraidh Braoin | Os comhair na Scoile Náisiúnta |
| An Dún Mór | Siopa Howley's |
| Nead an Iolair | Scoil Náisiúnta Nead an Iolair |
| Dún an Uchta | Garáiste Larkin's |
| Na Garfráin | Gar don Scoil Náisiúnta |
| Gleann na Madadh | Carrchlós an tSéipéil |

| | |
|---|---|
| Glinsce | An tIonad Pobail |
| An Gort | Bóthar Chionn Inse |
| Áth Cinn | Sráid an Droichid |
| Indreabhán | An Poitín Stil |
| Indreabhán | An Trá Mhór |
| Indreabhán | Carrchlós Thír na nÓg |
| Inis Meáin | Le taobh na Scoile Náisiúnta |
| Inis Mór | Cill Mhuirbhigh |
| Inis Mór | Cill Éinne |
| Inis Mór | Cill Rónáin |
| Inis Mór | An tIonad Athchúrsála |
| Inis Oírr | Comhar Chaomhán |
| Inis Bó Finne | Inis Bó Finne |
| Cill Chonla | An Sean-Ionad Pobail |
| Cill Chonaill | Páirc Imeartha an CLG |
| Cill Choirín | Lasmuigh de bhalla tosaigh an Ionaid Phobail |
| An Caoláire | Killary Adventure Centre |
| Cill Rícil | Carrchlós an tSéipéil |
| Cill Tormair | Lasmuigh den Scoil Náisiúnta |
| Cinn Mhara | Bóthar Bhaile Uí Bheacháin |
| An Choill Mhór | Garáiste Walsh's |
| Baile Labhráis | An tIonad Pobail |
| An Líonán | An Carrchlós ar Bhóthar Chathair na Mart |
| Leitir Mealláin | Trasna an bhóthair ón Séipéal |
| Leitir Móir | Carrchlós an tSéipéil |
| Leitir Fraic | Coláiste Leitir Fraic |
| Baile Locha Riach | Carrchlós poiblí le taobh na Marglainne |
| Meáraí | An tIonad Pobail |
| Mionlach | An tIonad Pobail |
| Baile an Mhuilinn | An Carrchlós |
| Muine Mheá | Páirc Imeartha Rugbaí |
| An Creagán | Bóthar na Gaillimhe |
| Maigh Cuilinn | Bóthar an Spidéil |
| Mionlach | Ar chúl Clancy's Top Shop |
| An Cnoc Breac | Carrchlós an Chlochair |
| An Droichead Nua | Carrchlós an tSéipéil |
| Órán Mór | An Carrchlós Poiblí |
| Uachtar Ard | Carrchlós an Ionaid Sláinte |
| Port Omna | Bóthar na Beairice, Ascaill an Chaisleáin |
| Rinn Mhaoile | Páirc Carbhán Laffey’s, Leitir Geis |
| Ros an Mhíl | An tIonad Pobail |
| Ros Muc | Le taobh Coláiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh |
| Cloch na Rón | An Carrchlós le taobh an tSéipéil |
| Tuaim | An tIonad Athchúrsála |
| Tuaim | Carrchlós Coral Leisure Centre |
| An Tobar | Carrchlós Theach Ósta Finnerty’s |
| An Tulaigh | Sráidbhaile na Tulaí |
| An Turlach Mór | Flynns of Lackagh |

| | |
|---|---|
| Tíne | Sráidbhaile Thíne |
| Baile Liam | Le taobh na Scoile Náisiúnta |
| An Ghráig | Sráidbhaile na Gráige |

# Aguisín 5 - Sonraí Teagmhála

**Tá tuilleadh eolais maidir le Bainistiú Dramhaíola i nGaillimh ar fáil ó:**

An Rannóg Timpeallachta

Comhairle Chontae na Gaillimhe

Áras an Chontae

Cnoc na Radharc

Gaillimh

Teileafón: 091 509510

Facs: 091 769590

Ríomhphost: environment@galwaycoco.ie

Gréasán: www.gaillimh.ie

**Lean muid ar Facebook**

https://www.facebook.com/Galwaycounty/

**Lean muid ar Twitter**

https://twitter.com/Galwaycoco